Coimisiún na Meán

# Dréachtchód Sábháilteachta ar Líne

Dáta foilsithe:
27ú Bealtaine 2024

# Ábhair

## Cuid A

**1. Réamhrá....................................................................................4**

**2. Raon feidhme agus Dlínse.........................................................4**

**3. Cuspóir, Ullmhú agus Cur i bhFeidhm an Cód..........................5**

**4. Prionsabail Rialála atá Ábhartha don Cód................................5**

Cuspóirí Reachtúla Ginearálta agus Feidhmeanna..............................6

**5. Straitéis Comhlíonta Ríomhthráchtála.....................................7**

**6. Treorú Reachtúil..........................................................................7**

**7. Inscoiteacht.................................................................................7**

**8. Tarscaoileadh..............................................................................8**

**9. Comhlíonadh agus Forfheidhmiú..............................................8**

**10. Oibleagáidí de bhun Treorach Sheirbhísí na Meán Closamhairc agus an Ghnímh um Shábháilteacht agus Meáin ar Líne..........8**

Bearta Oiriúnacha.....................................................................................9

## Cuid B

**11. Sainmhínithe..............................................................................12**

**12. Oibleagáidí Sonracha na Seirbhísí Ardáin um Fhíschomhroinnt - Ábhar ..........................................................................................17**

Téarmaí agus Coinníollacha agus Oibleagáidí Gaolmhara – Ábhar.....17

Fionraí Cuntais.........................................................................................18

Dearbhú Aoise agus Ábhar Físe do dhaoine fásta Amháin.................18

Rátáil Ábhar..............................................................................................19

Dioscúrsa Saoránach ar nithe a bhaineann le leasa an bPobal..........19

**13. Oibleagáidí Soláthraithe Seirbhíse Ardáin Comhroinnte Físeán – Cumarsáid Tráchtála Closamhairc........................................19**

Téarmaí agus Coinníollacha agus Oibleagáidí Gaolmhara – Cumarsáid Tráchtála Closamhairc.................................................................19

Cumarsáid Tráchtála Closamhairc nach ndéanann an tseirbhís ardáin comhroinnte físeán iad a mhargú, a dhíol ná a shocrú.......................19

Fionraí Cuntais.........................................................................20

Cumarsáid tráchtála closamhairc a mhargaíonn, a dhíolann nó a shocraíonn an tseirbhís ardáin comhroinnte físeán...........................21

Alcól.....................................................................................21

Dearbhú maidir le cumarsáid tráchtála closamhairc i ndáil le físeán arna ghiniúint ag an úsáideoir..............................................................21

**14. Rialuithe Tuismitheora........................................................22**

**15. Tuairisciú agus Marcáil........................................................23**

**16. Gearáin................................................................................23**

**17. Oibleagáidí Soláthraithe Seirbhíse Ardáin comhroinnte físeán - Eile .........................................................................24**

Litearthacht sna Meáin – Bearta agus Uirlisí...................................24

Sonraí Pearsanta – Páistí...............................................................24

Tuairisciú ar Bearta......................................................................24

# Cuid A

## 1. Réamhrá

1.1. De bhun Roinn 139K den Ghníomh Craolacháin 2009, arna leasú ag an nGníomh um Shábháilteacht ar Líne agus Rialáil na Meán 2022 (an **"Gníomh"**) Coimisiún na Meán (an **'Coimisiún"**) féadfaidh sé cóid a dhéanamh (**"cóid sábháilteachta ar líne"**) le cur i bhfeidhm ar sheirbhísí ainmnithe ar líne de réir Roinn 139L den Ghníómh. De réir na ndualgas agus na n-oibleagáidí reachtúla atá air faoin nGníomh, tá an cód sábháilteachta ar líne seo ullmhaithe ag an gCoimisiún (an **'Cód'**).

1.2. Tá an Cód roinnte ina dhá chuid: **Cuid A** agus **Cuid B**.

1.3. **Cuid A** leagtar amach comhthéacs reachtach agus rialála an Chóid sa Chód agus déantar foráil ann maidir leis na hoibleagáidí ginearálta atá ar sholáthraithe seirbhíse ardáin comhroinnte físeán de bhun Roinn 139K den Ghníomh agus Airteagal 28b de Threoir (AE) 2010/13 (arna leasú le Treoir (AE) 2018/1808) (an **"Treoir maidir le Seirbhísí Meán Closamhairc"** nó **"Treoir"**). Áirítear leis sin na bearta a dhéanfaidh soláthraithe seirbhíse ardáin comhroinnte físeán, de réir mar is iomchuí, chun an pobal i gcoitinne agus leanaí a chosaint.

1.4. **Cuid B** den Chód déantar foráil maidir le hoibleagáidí níos sonraí ar sholáthraithe seirbhíse ardáin comhroinnte físeán agus leagtar amach ann na bearta iomchuí a dhéanfaidh soláthraithe ardáin comhroinnte físeán chun na cosaintí a sholáthar do leanaí agus don phobal i gcoitinne a cheanglaítear le hAirteagal 28b(1)(a), (b) agus (c) den Treoir, agus chun ceanglais Airteagal 9(1) den Treoir a chomhlíonadh.

1.5. Tá an Cód seo ina iomláine ina cheangal ar na seirbhísí ardáin comhroinnte físeán a rialaítear leis an gCód. Tá feidhm ag forálacha an Chóid maidir le gach seirbhís den sórt sin. Ní chuirfidh sé sin bac ar an gCoimisiún, agus breithniú á dhéanamh aige ar chomhlíonadh an Chóid i gcomhréir le Roinn 9 den Chód seo thíos, méid na seirbhíse ardáin comhroinnte físeán agus an cineál seirbhíse a sholáthraítear á gcur san áireamh.

## 2. Raon feidhme agus Dlínse

2.1. Tugtar éifeacht leis an gCód d'Airteagal 28b de **Treoir Sheirbhísí na Meán Closamhairc** sa Stát.

2.2. Tá feidhm ag an gCód seo maidir le gach seirbhís ardáin comhroinnte físeán atá faoi dhlínse an Stáit de réir bhrí Roinn 2B den Ghníomh, ar seirbhísí iad atá laistigh den chatagóir seirbhísí ábhartha ar líne arna n-ainmniú ag an gCoimisiún.

2.3. Tá feidhm ag an gCód maidir le seirbhísí ainmnithe ar líne atá ainmnithe ag an gCoimisiún i gcomhréir leis an nGníomh mar sheirbhísí ardáin comhroinnte físeán faoi dhlínse an Stáit.[1]

# 3. Cuspóir, Ullmhú agus Cur i bhFeidhm an Cód

3.1. Is é is cuspóir don Chód éifeacht a thabhairt don oibleagáid atá ar an gCoimisiún faoi Roinn 139K(3) den Ghníomh a chumhachtaí a úsáid chun cóid sábháilteachta ar líne a dhéanamh d'fhonn a áirithiú go ndéanfaidh soláthraithe seirbhíse ardáin comhroinnte físeán an méid seo a leanas:

— bearta iomchuí a dhéanamh chun na cosaintí a leagtar amach in Airteagal 28b(1)(a), (b) agus (c) de Threoir Sheirbhísí na Meán Closamhairc a sholáthar, lena n-áirítear bearta iomchuí dá dtagraítear in Airteagal 28b(3);

— comhlíonfaidh siad an ceanglas a leagtar amach in Airteagal 9(1) de Threoir Sheirbhísí na Meán Closamhairc i ndáil le cumarsáid tráchtála closamhairc a mhargaíonn, a dhíolann nó a shocraíonn siad; agus

— bearta iomchuí a dhéanamh chun na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 9(1) de Threoir Sheirbhísí na Meán Closamhairc a chomhlíonadh i ndáil le cumarsáid tráchtála closamhairc nach gcuireann siad ar an margadh, nach ndíolann siad ná nach socraíonn siad, agus an rialú teoranta a fheidhmíonn siad ar na cumarsáidí sin á chur san áireamh.

3.2. D'ullmhaigh an Coimisiún an Cód ag féachaint d'fhorálacha Roinn 139M den Ghníomh agus i gcomhréir leis na nósanna imeachta atá leagtha amach in Roinn 139N den Ghníomh.

3.3. Cuirfidh an Coimisiún an Cód i bhfeidhm maidir le seirbhísí ardáin comhroinnte físeán i gcomhréir le Roinn 139L den Ghníomh.

3.4. Ós rud é go bhfuil feidhm ag an gCód seo maidir le seirbhísí ardáin comhroinnte físeán, chuaigh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin chun críocha Roinn 139L agus comhairliúcháin chun críocha Roinn 139N den Ghníomh.

# 4. Prionsabail Rialála atá Ábhartha don Cód

4.1. Agus an Cód seo á léirmhíniú, á chur i bhfeidhm agus á fhorfheidhmiú aige, ní mór don Choimisiún, i gcomhréir lena dhualgais dlí phoiblí, gníomhú go dleathach, go réasúnach agus go cothrom.

[1] Foilsíonn an Coimisiún an clár de sheirbhísí ainmnithe ar líne atá ainmnithe mar sheirbhísí ardáin comhroinnte físeán ar a shuíomh gréasáin: https://www.cnam.ie/.

Go háirithe, ní mór don Choimisiún gníomhú i gcomhréir leis an méid seo a leanas:

— a chuspóirí agus a fheidhmeanna reachtúla ginearálta faoin nGníomh;

— na cuspóirí reachtúla a leagtar amach in Airteagal 28b de Threoir Sheirbhísí na Meán Closamhairc; agus

— na cearta a thugtar leis an mBunreacht, le Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh agus leis an gCoinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine, ag féachaint dá ndualgas faoi Roinn 3(1) den Ghníomh fán gCoinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine 2003.

## Cuspóirí Reachtúla Ginearálta agus Feidhmeanna

4.2. Foráiltear i Ranna 7(2)(a) agus 7(2)(b) den Ghníomh go ndéanfaidh an Coimisiún a dhícheall, agus a fheidhmeanna á gcomhlíonadh aige, a chinntiú go gcloítear leis na luachanna daonlathacha atá cumhdaithe sa Bhunreacht, go háirithe na luachanna sin a bhaineann leis an tsaoirse cheart tuairimí a nochtadh, agus go ndéantar leasanna an phobail, lena n-áirítear leasanna leanaí, a chosaint, le tiomantas ar leith do shábháilteacht leanaí.

4.3. Ina theannta sin, faoi Roinn 7(2)(d) den Ghníomh, ní mór don Choimisiún féachaint lena áirithiú maidir lena shocruithe rialála:

— aghaidh a thabhairt ar ábhar clár, ar ábhar ó úsáideoirí, agus ar ábhar eile, atá díobhálach nó neamhdhleathach;

— athruithe teicneolaíocha agus sochaíocha a chur san áireamh;

— oibriú go comhréireach, go comhsheasmhach agus go cothrom.

4.4. Foráiltear le Roinn 7(3) den Ghníomh go ndéanfaidh an Coimisiún (*inter alia*):

— glacfaidh sé páirt i gcinnteoireacht fhianaisebhunaithe i bhfeidhmiú a fheidhmeanna, agus cuirfidh sé cinnteoireacht fhianaisebhunaithe chun cinn dóibh siúd a dtéann sé i gcomhairle leo;

— a spreagadh go gcomhlíonfar forálacha an Ghnímh, agus forálacha aon chóid, rialach nó ionstraime reachtúla eile arna dhéanamh nó arna déanamh faoi, ar aon mhodh is cuí leis an gCoimisiún, lena n-áirítear trí threoir a fhoilsiú i dtaobh conas a fhéadfar na forálacha sin a chomhlíonadh.

4.5. De bhun Roinne 7(4) den Ghníomh, agus a fheidhmeanna á gcomhlíonadh aige, tabharfaidh an Coimisiún aird ar an méid seo a leanas: sábháilteacht leanaí, agus beartais fhoilsithe an Aire Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige i leith an ní sin; cearrbhachas a rialáil, agus beartais fhoilsithe de chuid an Aire Dlí agus Cirt i leith an ní sin; athrú aeráide agus inbhuanaitheacht chomhshaoil, agus beartais fhoilsithe an Aire Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide i leith an ábhair sin; agus beartais fhoilsithe de chuid an Rialtais i leith aon cheann de na nithe sin.

# 5. Straitéis Comhlíonta Ríomhthráchtála

5.1. Le Roinn 139ZF den Ghníomh, ceanglaítear ar an gCoimisiún Straitéis Comhlíonta Ríomhthráchtála a ullmhú ina leagfar amach a chur chuige maidir lena áirithiú go mbeidh cóid sábháilteachta ar líne, ábhair treorach sábháilteachta ar líne agus fógraí comhairleacha comhsheasmhach le hAirteagail 4, 5, 6 agus 8 de Rialachán (AE) 2022/2065 (an Gníomh um Sheirbhísí Digiteacha).

5.2. I gcomhréir lena chumhachtaí reachtúla agus ag féachaint dá dhualgais reachtúla, d'fhoilsigh an Coimisiún a Straitéis Comhlíonta Ríomhthráchtála an 6 Deireadh Fómhair 2023. Tá cóip den Straitéis ar fáil ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin – https://www.cnam.ie.

5.3. Ní gá, ná ní fhorléireofar aon fhoráil den Chód seo gur gá, faireachán ginearálta a dhéanamh ar fhaisnéis arna tarchur nó arna stóráil ag soláthraithe ná bearta gníomhacha a dhéanamh go ginearálta chun fíorais nó imthosca a lorg lena léirítear gníomhaíocht neamhdhleathach atá contrártha d'Airteagal 8 de Rialachán (AE) 2022/2065 (an Gníomh um Sheirbhísí Digiteacha).

# 6. Treorú Reachtúil

6.1. Féadfaidh treoir reachtúil arna heisiúint ag an gCoimisiún a bheith ag gabháil leis an gCód seo i gcomhréir leis na nósanna imeachta a leagtar amach i Roinn 139Z den Ghníomh agus de réir na nósanna imeachta sin.

# 7. Inscoiteacht

7.1. Má chinntear go bhfuil aon fhoráil den Chód seo neamhdhleathach, neamhbhailí, toirmiscthe, do-infheidhmithe nó neamh-infheidhme (go ginearálta nó maidir le soláthraí nó soláthraithe seirbhíse ardáin comhroinnte físeán áirithe) ar bhealach ar bith, ar bhonn aon dlí (lena n-áirítear an Bunreacht agus an dlí Eorpach), ní dhéanfaidh cinneadh den sórt sin difear do dhlíthiúlacht, bailíocht, in-fhorfheidhmitheacht nó infheidhmeacht aon fhorála eile den Chód seo nó cuid di, mura ndearbhaítear go bhfuil an cinneadh infheidhme maidir leis an bhforáil eile sin nó maidir le cuid di, nó go bhfuil an cinneadh sin faoi réir an fhaoisimh arna dheonú ag cúirt.

7.2. Gan dochar don mhéid sin roimhe seo, leanfaidh gach foráil agus/nó cuid eile den Chód seo de bheith go hiomlán éifeachtach, infheidhme agus infhorfheidhmithe. A mhéid is gá, déanfar aon fhoráil nó cuid den Chód, a fhaightear a bheith neamhdhleathach, neamhbhailí, toirmiscthe, do-infheidhmithe nó neamh-infheidhme, a bhaint den Chód.

# 8. Tarscaoileadh

8.1. Más rud é nach dtugann an Coimisiún freagra ar aon aighneacht, measúnú, togra, tuarascáil, ráiteas comhoiriúnachta ná aon doiciméad cosúil leo sin a chuireann soláthraí seirbhíse ardáin comhroinnte físeán arna ainmniú ag an gCoimisiún faoina bhráid i gcomhréir leis an nGníomh, nó nach dtugann sé barúil ina leith, ní mheasfar gur glacadh ná formheas é sin ar ábhar aon chuid den chéanna agus ní thabharfar le tuiscint leis sin gur chomhlíon an soláthraí seirbhíse ardáin comhroinnte físeán a chuid oibleagáidí faoin nGníomh agus/nó faoin gCód.

8.2. Gan dochar don mhéid sin roimhe seo, más rud é nach dtugann an Coimisiún freagra ar aon doiciméad den sórt sin ná nach ndéanann sé barúil air, ní chruthófar urbhac leis sin i gcoinne an Choimisiúin ná ní bheidh sé ina tharscaoileadh ag an gCoimisiún ar aon cheann dá chumhachtaí nó dá chearta de bhun an Ghnímh agus/nó an Chóid.

# 9. Comhlíonadh agus Forfheidhmiú

9.1. De bhun Roinn 139Q den Ghníomh, beidh mainneachtain ag seirbhís ardáin comhroinnte físeán an Cód a chomhlíonadh ina shárú chun críocha Chuid 8B den Ghníomh.

9.2. Agus breithniú á dhéanamh aige i dtaobh ar mhainnigh nó nár mhainnigh soláthraí seirbhíse ardáin comhroinnte físeán foráil den Chód de réir bhrí Roinn 139Q den Ghníomh a chomhlíonadh, agus/nó aon bhearta forfheidhmiúcháin atá le déanamh mar thoradh air sin, tabharfaidh an Coimisiún aird ar cé acu a léiríodh nó nár léiríodh chun sástacht an Choimisiúin nach mbeadh sé indéanta nó comhréireach oibleagáid faoin gCód seo a chomhlíonadh maidir lena cur i bhfeidhm ar an tseirbhís ardáin comhroinnte físeán, agus méid na seirbhíse ardáin comhroinnte físeán agus an cineál seirbhíse a sholáthraítear á gcur san áireamh.

9.3. Áiritheoidh soláthraí seirbhíse ardáin comhroinnte físeán go bhfuil córais agus rialuithe i bhfeidhm aige chun comhlíonadh na n-oibleagáidí atá sa Chód seo a léiriú.

# 10. Oibleagáidí de bhun Treorach Sheirbhísí na Meán Closamhairc agus an Ghnímh um Shábháilteacht agus Meáin ar Líne

10.1. De bhun **Airteagal 28b(1)** de Threoir Sheirbhísí na Meán Closamhairc agus **Roinn 139K** den Ghníomh, déanfaidh soláthraí seirbhíse ardáin comhroinnte físeán bearta iomchuí chun an méid seo a leanas a chosaint:

(a) leanaí ó chláir, ó fhíseáin arna nginiúint ag úsáideoirí agus ó chumarsáid tráchtála chlosamhairc a d'fhéadfadh dochar a dhéanamh dá bhforbairt choirp, mheabhrach nó mhorálta i gcomhréir le hAirteagal 6(a)(1) de Threoir Sheirbhísí na Meán Closamhairc;

(b) an pobal i gcoitinne a chosaint ar chláir, ar fhíseáin arna nginiúint ag úsáideoirí agus

ar chumarsáid tráchtála chlosamhairc ina ndéantar gríosú chun foréigin nó fuatha a dhírítear i gcoinne grúpa daoine nó ball de ghrúpa bunaithe ar aon cheann de na forais dá dtagraítear in Airteagal 21 den Chairt Eorpach um Chearta Bunúsacha an Duine;

(c) an pobal i gcoitinne ó chláir, ó fhíseáin arna nginiúint ag úsáideoirí agus ó chumarsáid tráchtála chlosamhairc ina bhfuil ábhar ar gníomhaíocht í ar cion coiriúil faoi dhlí an Aontais é a scaipeadh, eadhon briogadh poiblí chun cion sceimhlitheoireachta a dhéanamh mar a leagtar amach in Airteagal 5 de Threoir (AE) 2017/541, cionta a bhaineann le 'pornagrafaíocht leanaí' mar a leagtar amach in Airteagal 5(4) de Threoir 2011/93/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[2] agus cionta a bhaineann le ciníochas agus seineafóibe mar a leagtar amach in Airteagal 1 de Chinneadh Réime 2008/913/CGB.

10.2. De bhun **Airteagal 28b(2)** de Threoir Sheirbhísí na Meán Closamhairc agus **Roinn 139K** den Ghníomh, comhlíonfaidh soláthraí seirbhíse ardáin comhroinnte físeán na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 9(1) de Threoir Sheirbhísí na Meán Closamhairc i dtaca le cumarsáid tráchtála closamhairc a mhargaíonn, a dhíolann nó a shocraíonn an soláthraí ardáin comhroinnte físeán sin.

10.3. De bhun **Airteagal 28b(2)** de Threoir Sheirbhísí na Meán Closamhairc agus **Roinn 139K** den Ghníomh, áiritheoidh soláthraí seirbhíse ardáin comhroinnte físeán go ndéanfaidh sé bearta iomchuí chun na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 9(1) de Threoir Sheirbhísí na Meán Closamhairc a chomhlíonadh i dtaca le cumarsáid tráchtála closamhairc nach ndéanann an soláthraí seirbhíse ardáin comhroinnte físeán sin iad a mhargú, a dhíol ná a shocrú, agus an rialú teoranta arna fheidhmiú ag an soláthraí seirbhíse ardáin comhroinnte físeán sin ar an gcumarsáid tráchtála closamhairc sin á chur san áireamh.

10.4. De bhun **Airteagal 28b(2)** de Threoir Sheirbhísí na Meán Closamhairc agus **Roinn 139K** den Ghníomh, áiritheoidh soláthraí seirbhíse ardáin comhroinnte físeán go gcuirfidh sé úsáideoirí ar an eolas go soiléir i gcás ina bhfuil cumarsáid tráchtála chlosamhairc i gcláir agus i bhfíseáin arna nginiúint ag úsáideoirí, ar choinníoll go ndearbhaítear cumarsáid den sórt sin nó go bhfuil an soláthraí ar an eolas faoi sin.

10.5. Chun ceanglais Roinn 10 den Chód seo a bhaint amach, déanfaidh soláthraí seirbhíse ardáin comhroinnte físeán, de bhun **Roinn 139K**na bearta a leagtar amach in Airteagal 28b(3)(a) – (j) de Threoir Sheirbhísí na Meán Closamhairc a chur chun feidhme, de réir mar is iomchuí.

## Bearta Oiriúnacha

10.6. De bhun **Roinn 139K(3)** an Ghnímh agus **Airteagal 28b(3**) de Threoir Sheirbhísí na Meán Closamhairc, déanfaidh soláthraí seirbhíse ardáin comhroinnte físeán, de réir mar is iomchuí, na bearta seo a leanas chun leanaí agus an pobal i gcoitinne a chosaint:

(a) Áireoidh soláthraí seirbhíse ardáin comhroinnte físeán na ceanglais seirbhíse chun

[2] Tugann an Coimisiún dá aire agus aithníonn sé gurb é an téarma "ábhar mí-úsáide gnéasaí leanaí" an tuairisc is iomchuí ar an ábhar a chumhdaítear le hAirteagal 5(4) de Threoir 2011/93/AE. Úsáidtear an téarma "pornagrafaíocht leanaí" sa chás seo chun na sainmhínithe dlíthiúla sa Treoir a léiriú.

bearta iomchuí a dhéanamh chun an pobal i gcoitinne agus leanaí a chosaint ar an ábhar dá dtagraítear in Airteagal 28b(1)(a)-(c) de Threoir Sheirbhísí na Meán Closamhairc, agus cuirfidh sé na ceanglais sin i bhfeidhm ina théarmaí agus coinníollacha;

(b) Áireoidh soláthraí seirbhíse ardáin comhroinnte físeán na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 9(1) de Threoir Sheirbhísí na Meán Closamhairc i gcomhair cumarsáid tráchtála closamhairc nach ndéanann an soláthraí ardáin comhroinnte físeán iad a mhargú, a dhíol ná a shocrú, agus cuirfidh sé na ceanglais sin i bhfeidhm ina théarmaí agus coinníollacha seirbhíse;

(c) Beidh feidhmiúlacht ag soláthraí seirbhíse ardáin comhroinnte físeán d'úsáideoirí a uaslódálann físeáin arna nginiúint ag úsáideoirí chun a dhearbhú an bhfuil cumarsáid tráchtála closamhairc sna físeáin sin a mhéid is eol do na húsáideoirí nó an féidir a bheith ag súil leis le réasún go mbeadh a fhios acu;

(d) Déanfaidh soláthraí seirbhíse ardáin comhroinnte físeán sásraí trédhearcacha soláimhsithe a bhunú agus a oibriú d'úsáideoirí ardáin comhroinnte físeán chun ábhar dá dtagraítear in Airteagal 28b(1)(a)-(c) de Threoir Sheirbhísí na Meán Closamhairc a sholáthraítear ar a ardán a thuairisciú nó a mharcáil don soláthraí ardáin comhroinnte físeán;

(e) Déanfaidh soláthraí seirbhíse ardáin comhroinnte físeán córais a bhunú agus a oibriú trínar féidir leis an soláthraí seirbhíse ardáin comhroinnte físeán a mhíniú d'úsáideoirí na seirbhíse cén éifeacht a bhí ag an tuairisciú agus ag an marcáil dá dtagraítear i bpointe (d);

(f) Déanfaidh soláthraí seirbhíse ardáin comhroinnte físeán córais fíoraithe aoise a bhunú agus a oibriú d'úsáideoirí ardán comhroinnte físeán i ndáil le hábhar a d'fhéadfadh díobháil a dhéanamh d'fhorbairt coirp, meabhrach nó mhorálta mionaoiseach;[3]

(g) Bunóidh agus oibreoidh soláthraí seirbhíse ardáin comhroinnte físeán córas rátála ábhair atá éasca le húsáid lenar féidir le húsáideoirí an ardáin comhroinnte físeán an t-ábhar dá dtagraítear in Airteagal 28b(1)(a)-(c) de Threoir Sheirbhísí na Meán Closamhairc a rátáil;

(h) Déanfaidh soláthraí seirbhíse ardáin comhroinnte físeán foráil maidir le córais rialaithe tuismitheoirí atá faoi rialú an úsáideora deiridh i dtaca le hábhar a d'fhéadfadh díobháil a dhéanamh d'fhorbairt coirp, meabhrach nó mhorálta mionaoiseach;

(i) Déanfaidh soláthraí seirbhíse ardáin comhroinnte físeán nósanna imeachta trédhearcacha, éasca le húsáid agus éifeachtacha a bhunú agus a oibriú chun gearáin úsáideoirí chuig an soláthraí ardáin comhroinnte físeán i ndáil le cur chun

[3] Chun críoch Chuid A, áirítear leis an téarma "fíorú aoise" bearta éifeachtacha dearbhaithe aoise lena n-áirítear meastachán aoise. Ní beart éifeachtach chun críocha Chuid A é beart dearbhaithe aoise a bheidh bunaithe go hiomlán ar fhéindearbhú aoise ag úsáideoirí na seirbhíse.

feidhme na mbeart dá dtagraítear i bpointí (d) go (h) a láimhseáil agus a réiteach;

(j) Déanfaidh soláthraí seirbhíse ardáin comhroinnte físeán foráil maidir le bearta agus uirlisí éifeachtacha litearthachta sna meáin agus maidir le feasacht úsáideoirí ar na bearta agus na huirlisí sin a mhúscailt.

10.7. Má thagann aon saincheist chun cinn maidir le hoiriúnacht na mbeart, is faoin gCoimisiún a bheidh sé an rud céanna a chinneadh.

10.8. De bhun **Roinn 139K(3)** an Ghnímh agus **Airteagal 28b(3)** den Treoir, is éard a bheidh sna bearta iomchuí arna nglacadh ag soláthraí seirbhísí ardáin comhroinnte físeán de bhun Roinn 10.6 den Chód seo bearta a bhfuil an Coimisiún sásta ina leith go bhfuil siad indéanta agus comhréireach, agus méid na seirbhíse ardáin comhroinnte físeán agus an cineál seirbhíse a sholáthraítear á gcur san áireamh. Chun mionaoisigh a chosaint, dá bhforáiltear in Airteagal 28b(1)(a) den Treoir, beidh an t-ábhar is díobhálaí faoi réir na mbeart is déine.

10.9. De bhun **Roinn 139K(3**den Ghníomh agus **Airteagal 28b(3)** den Treoir, ní phróiseálfaidh soláthraí seirbhíse ardáin comhroinnte físeán chun críocha tráchtála (amhail margaíocht dhíreach, próifíliú agus fógraíocht iompraíochtdírithe) sonraí pearsanta mionaoiseach a bhailíonn nó a ghineann soláthraithe ar bhealach eile de bhun phointí (f) agus (h) de Roinn 10.6.

10.10. De bhun **Roinn 139ZD** an Ghnímh agus **Airteagal 28b(7)** den Treoir, féadfaidh soláthraí seirbhíse ardáin comhroinnte físeán foráil a dhéanamh maidir le sásraí sásaimh lasmuigh den chúirt lena n-áirítear idirghabháil a bheidh ar fáil chun díospóidí idir úsáideoirí a réiteach agus an soláthraí ardáin comhroinnte físeán sin a bhaineann le cur i bhfeidhm mhír 1 agus mhír 3 d'Airteagal 28b den Treoir. Le sásraí den sórt sin, féadfar díospóidí a réiteach go neamhchlaonta agus ní bhainfear den úsáideoir an chosaint dhlíthiúil a thugtar leis an dlí náisiúnta. Chun amhras a sheachaint, ní dhéanfaidh aon ní sa Chód seo difear do chearta úsáideoirí a gcearta a dhearbhú os comhair cúirte i gcomhréir leis an dlí.

# Cuid B

## 11. Sainmhínithe

**“ábhar físe do dhaoine fásta amháin”** ciallaíonn sé:

- ábhar físe arb é atá ann pornagrafaíocht,
- ábhar físe arb é atá ann léirithe réalaíocha ar fhoréigean comhlán nó aisce nó ar ghníomhartha cruálachta, nó ar na héifeachtaí a bhaineann leis an bhforéigean nó leis na gníomhartha sin.

**“beart dearbhaithe aoise”** ciallaíonn sé próiseas a úsáidtear chun rochtain ar sheirbhís nó ar ghnéithe áirithe nó ar ábhar áirithe seirbhíse a shrianadh, ar próiseas é lena mbaineann aois úsáideora a mheas nó a fhíorú.

**“cumarsáid tráchtála closamhairc”** ciallaíonn sé cumarsáid tráchtála arb é atá inti íomhánna, bíodh fuaim leo nó ná bíodh, a cheaptar chun earraí, seirbhísí nó íomhá duine nádúrtha nó dhlítheanaigh atá ag gabháil do ghníomhaíocht eacnamaíoch a chur chun cinn, go díreach nó go hindíreach; tá na híomhánna sin ag gabháil le clár nó le físeán arna ghiniúint ag úsáideoirí, nó áirítear iad i gclár nó i bhfíseán arna ghiniúint ag úsáideoirí, i gcomaoin íocaíochta nó comaoin den tsamhail sin nó chun críoch féinfhógraíochta. Ar na cineálacha cumarsáide tráchtála closamhairc áirítear, inter alia, fógraíocht teilifíse, urraíocht, teilishiopadóireacht agus suíomh táirgí.

**“cumarsáid tráchtála closamhairc a dhéanann dochar do leanaí”** ciallaíonn sé:

- cumarsáid tráchtála closamhairc lena spreagtar leanaí go díreach chun táirge nó seirbhís a cheannach nó a fháil ar cíos trí leas a bhaint as an easpa taithí nó an creidiúint atá acu,
- cumarsáid tráchtála closamhairc lena spreagtar leanaí go díreach chun tabhairt ar a dtuismitheoirí nó ar dhaoine eile na hearraí nó na seirbhísí atá á bhfógairt a cheannach,
- cumarsáid tráchtála closamhairc a bhaineann leas as an muinín speisialta a chuireann leanaí i dtuismitheoirí, i múinteoirí nó i ndaoine eile,
- cumarsáid tráchtála closamhairc a thaispeánann leanaí go míréasúnach i gcúinsí contúirteacha, agus
- cumarsáid tráchtála closamhairc maidir le halcól atá dírithe go sonrach ar leanaí.

**“cumarsáid tráchtála closamhairc a dhéanann dochar don phobal i gcoitinne”** ciallaíonn sé:

- cumarsáid tráchtála closamhairc a dhéanann dochar d’urramú dhínit an duine,
- cumarsáid tráchtála closamhairc lena n-áirítear nó lena gcuirtear chun cinn aon

idirdhealú atá bunaithe ar na nithe seo a leanas: gnéas, bunadh ciníoch nó eitneach, náisiúntacht, reiligiún nó creideamh, míchumas, aois nó gnéaschlaonadh.

- cumarsáid tráchtála closamhairc lena spreagtar iompar atá dochrach do shláinte nó do shábháilteacht,
- cumarsáid tráchtála closamhairc lena spreagtar iompar atá an-dochrach do chosaint an chomhshaoil,
- cumarsáid tráchtála closamhairc i gcomhair toitíní agus táirgí eile tobac, agus i gcomhair toitíní leictreonacha agus coimeádáin athlíonta,
- cumarsáid tráchtála closamhairc lena spreagtar tomhaltas neamh-mheasartha deochanna alcólacha,
- cumarsáid tráchtála closamhairc i gcomhair táirgí íocshláinte agus cóir leighis nach bhfuil ar fáil ach ar oideas sa Stát,

**"leanbh/leanaí"** ciallaíonn sé duine/daoine faoi bhun 18 mbliana d'aois.

**"ábhar inaitheanta ó úsáideoirí"** ciallaíonn sé ábhar ó úsáideoirí ina bhfuil aon téacs, siombail, íomhá nó fotheideal a ghabhann le haon fhíseán ó úsáideoirí, ar choinníoll nach féidir an téacs, an íomhá, an tsiombail nó an fotheideal sin a dhealú ón bhfíseán ó úsáideoirí.

**"litearthacht sna meáin"** ciallaíonn sé tuiscint an phobail ar ábhar a fhoilsítear i meáin chlóite, i meáin chraolta, ar líne nó i meáin eile, lena n-áirítear tuiscint ar na nithe seo a leanas:

- cineál agus saintréithe ábhair fhoilsithe,
- conas a roghnaítear ábhar, nó conas a chuirtear ábhar ar fáil, lena fhoilsiú,
- conas is féidir le daoine aonair agus pobail ábhar a chruthú agus a fhoilsiú, agus
- an chaoi a ndéantar rochtain ar ábhar foilsithe a rialáil nó an chaoi ar féidir an rochtain sin a rialáil.

**"clár"** sraith íomhánna gluaisteacha, bíodh fuaim leo nó ná bíodh, is ionann agus mír aonair, beag beann ar a fad laistigh de sceideal nó de chatalóg arna bhunú ag soláthraí seirbhíse meán, lena n-áirítear scannáin fhada, gearrthóga físe, imeachtaí spóirt, drámaí grinn suímh, cláir faisnéise, cláir do leanaí agus dráma úr.

**"cumarsáid tráchtála closamhairc shrianta"** ciallaíonn sé:

(a) cumarsáid tráchtála closamhairc ina bhfuil gríosú chun foréigin nó fuatha a dhírítear i gcoinne grúpa daoine nó ball de ghrúpa bunaithe ar aon cheann de na forais dá dtagraítear in Airteagal 21 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh,[4] eadhon gnéas, cine, dath, tionscnamh eitneach nó sóisialta, airíonna

[4] Lena n-áirítear ballraíocht den Phobail Taistealaithe nó de Phobail Romacha, ach gan a bheith teoranta dóibh.

géiniteacha, teanga, reiligiún nó creideamh, tuairim pholaitiúil nó aon tuairim eile, ballraíocht i mionlach náisiúnta, maoin, breith, míchumas, aois, gnéaschlaonadh.

(b) cumarsáid tráchtála closamhairc, arb ionann iad a scaipeadh agus:

(i) briogadh poiblí chun cion sceimhlitheoireachta a dhéanamh mar a leagtar amach in Airteagal 5 de Threoir (AE) 2017/541,

(ii) cion a bhaineann le "pornagrafaíocht leanaí"[5] mar a leagtar amach in Airteagal 5(4) de Threoir 2011/93/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus

(iii) cion a bhaineann le ciníochas agus seineafóibe mar a leagtar amach in Airteagal 1 de Chinneadh Réime 2008/913/CGB.

"**srian a chur ar ábhar dodhealaithe arna ginúint ó úsáideoirí**ciallaíonn sé ábhar arna nginiúint ó úsáideoirí, arb é atá ann, nuair a thógtar é in éineacht leis an bhfíseán arna nginiúint ó úsáideoirí lena mbaineann sé:

(a) ábhar dodhealaithe arna ginúint ó úsáideoirí lena ndéanann duine bulaithe nó uirísliú ar dhuine eile,

(b) ábhar dodhealaithe arna ginúint ó úsáideoirí lena ndéanann duine iompar ar saintréith de neamhord beathaithe nó itheacháin é a chur chun cinn nó a spreagadh,

(c) ábhar dodhealaithe arna ginúint ó úsáideoirí trína ndéanann duine féindochar nó féinmharú a chur chun cinn nó a spreagadh (ábhar físe a chur san áireamh a spreagann iompar atá dochrach do shláinte nó do shábháilteacht leanaí, lena n-áirítear dúshláin chontúirteacha),

